Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Aibreán 2026
(OR. en)

7564/26

LIMITE

DENLEG 18
AGRILEG 60
SAN 177
CONSOM 95
RECH 136
MI 274
FOOD 29

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia |

**CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia[1], agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint do na hainmniúcháin a chuir na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle,

[1] IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, bunaíodh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), a bhfuil Bord Bainistíochta mar cheann dá chomhlachtaí.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, ceanglaítear ar gach Ballstát ionadaithe a ainmniú ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha do Bhord Bainistíochta EFSA. Tá an Chomhairle leis na comhaltaí agus comhaltaí malartacha arna n-ainmniú a cheapadh go ceann téarma oifige 4 bliana, ar téarma é a fhéadfar a athnuachan, agus beidh ceart vótála acu.

(3) I gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022[2], rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha a ceapadh chun ionadaíocht a dhéanamh do na Ballstáit de bhun an Chinnidh sin, in éag an 30 Meitheamh 2026.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, ionadaithe na mBallstát a cheapadh do théarma oifige nua 4 bliana, dar tús an 1 Iúil 2026 agus dar críoch an 30 Meitheamh 2030.

(5) Ceanglaítear, le Rialachán (CE) Uimh 178/2002, go ndéantar comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta a ainmniú agus a cheapadh ar bhonn a gcuid taithí agus a saineolais ábhartha forleathain i réimse reachtaíocht agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus áiritheofar san am céanna go mbeidh saineolas ábhartha ann laistigh den Bhord Bainistíochta in ábhair bhainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dhlíthiúla.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C 159, 12.4.2022, lch. 6).



PUBLIC

(6) Comhlíonann na hionadaithe a d'ainmnigh na Ballstáit na critéir ábhartha. Dá bhrí sin, lena gceapacháin, baintear amach i mBord Bainistíochta EFSA na caighdeáin is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí ábhartha atá ar fáil, ríthábhachtach chun neamhspleáchas, ardchaighdeáin eolaíocha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a áirithiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Ceapfar, leis seo, na daoine seo a leanas chun ionadaíocht a dhéanamh do na Ballstáit mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2030:

| Ballstát | Na comhaltaí | Na comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| an Bheilg | Christine Romeyns | Carl BERTHOT |
| An Bhulgáir | Koycho KOEV | Gergana Nikolova BALIEVA |
| An tSeicia | Jindřich FIALKA | Martin Štěpánek |
| An Danmhairg | Cecilie SOLSTAD | Henrik Dammand NIELSEN |
| An Ghearmáin | Marie-Luise TREBES | Sebastian GRAF VON KEYSERLINGK |
| An Eastóin | Triin KÕRGMAA | Anneli TUVIKE |
| Éire | Greg DEMPSEY | Geraldine DUFFY |
| An Ghréig | Antonis ZAMPELAS | Stamatios KAMPOLIS |
| an Spáinn | Andrés BARRAGÁN URBIOLA | Pedro GULLÓN |
| an Fhrainc | Gilles SALVAT | Loïc EVAIN |
| An Chróit | Nevijo ZDOLEC | Dražen KNEŽEVIĆ |
| an Iodáil | Ugo DELLA MARTA | Alessio NARDINI |
| An Chipir | Stelios YIANNOPOULOS | Herodotos HERODOTOU |
| An Laitvia | Aivars BĒRZIŅŠ | Jānis RUŠKO |
| An Liotuáin | Egidijus PUMPUTIS | Audronė MIKALAUSKIENĖ |
| Lucsamburg | Patrick HAU | Françoise MORI |
| An Ungáir | Szabolcs PÁSZTOR | Barbara BÓNÉ |
| Málta | Clive TONNA | Sharlo CAMILLERI |

PUBLIC

| Ballstát | Na comhaltaí | Na comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Ísiltír | Ana Isabel VILORIA ALEBESQUE | Pascalle DE RUYTER |
| An Ostair | Ulrich HERZOG | Josefine SINKOVITS |
| An Pholainn | Janusz CIOK | Piotr JEDZINIAK |
| An Phortaingéil | Susana POMBO | Ana Cristina CALDEIRA |
| An Rómáin | Alexandru Nicolae BOCIU | Laszlo CSUTAK-NAGY |
| An tSlóivéin | Andrej KIRBIŠ | Evgen BENEDIK |
| An tSlóvaic | Martin CHUDÝ | Martin POLOVKA |
| An Fhionlainn | Sebastian HIELM | Marjatta RAHKIO |
| An tSualainn | Christina NORDIN | Kristina GRANELLI |

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*